



Eleathanach 392



Dé Luain, an 18 Deireadh Fómhair 2021

Ceithre Seachtaine ar Mars!

Tá foireann spásairí ag caitheamh ceithre seachtaine ar Mars ag déanamh a lán turgnaimh dheacra. Tá siad ag foghlaim conas carr a thiomáint chomh maith lena lán rudaí eile.

Tá an fhoireann seo ag obair go han-dian, ach níl siad ar Mars i ndáiríre. Tá siad i bhfásach mór millteach, tá gaineamh dearg air agus tá sé cosúil leis an talamh atá ar Mars. *Negev* is ainm don fhásach. Tá sé in Iosrael.

Tá súil ag na spásairí go mbeidh siad in ann rudaí móra a dhéanamh ar an bpláinéad mór dearg sa toadhchá. Beidh muid go léir ag faire amach!



Fásach Negev in Iosrael



Scóráil Ogbene cúl iontach!



Foireann Sacair na hÉireann: dhá chluiche

D'imir Éire cluiche sacair i gcoinne na hAsarbaiseáine Dé Sathairn, an 9 Deireadh Fómhair, sna cáilíochtaí don Chorn Domhanda.

Bhuaigh Éire le scór 3-0. Fuair Callum Robinson dhá chúl iontacha. Fuair Chiedozie Ogbene cúl sa nóiméad deireanach.

Bhí an fhoireann an-sásta leis an mbua. Ba é seo an chéad chluiche a bhuaigh siad ó 2019.

D'imir siad i gcoinne Chatar Dé Máirt, an 12 Deireadh Fómhair, chomh maith. Bhuaigh siad arís le scór 4-0. Bhí gach duine ag súil le bua maith uathu.

Faraor, ní bheidh Éire ag imirt sa Chorn Domhanda, ach fós féin, ba dhá chluiche iontacha iad.

Cat greamaithe i gcarr Tesla

Shábháil comhraiceoirí dóiteáin cat óg a bhí greamaithe i gcarr Tesla. Bhí ar an bhfoireann an carr a thógáil as a chéile chun an cat bocht a fháil amach.

Bhí orthu an Tesla ar fad a bhaint as a chéile, an cat a shaoradh agus ansin an carr a chur ar ais le chéile.

Dúirt na comhraiceoirí dóiteáin go bhfuil an cat slán sábhailte anois. Ní raibh sé gortaithe.



Comhraiceoirí dóiteáin



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,



Coláiste Mhuire, BÁC 7

